# Gradam Shean-Nós Cois Life 8pm Satharn 13 Aibreán 2024

Club na Múinteoirí, 36 Cearnóg Pharnell Thiar, Baile Átha Cliath 1, D01 T6V6



## Gradam Shean-Nós Cois Life 2024

Is cúis áthais dúinn a fhógairt go mbeidh

Gradam Shean-Nós Cois Life 2024 á bhronnadh ar an amhránaí Bláithín Mhic Cana ó Ghaeltacht athnuaite Oirialla.

Bronnfar an gradam ag seisiún mór amhránaíochta agus ceoil ar an Satharn 13 Aibreán 2024 i gClub na Múinteoirí, 36 Cearnóg Pharnell Thiar, Baile Átha Cliath 1, D01 T6V6 ag tosú ag 8pm.

Fáilte roimh chách chuig an gceiliúradh seo áit a mbeidh seans agat cúpla amhrán a chasadh agus cúpla tiúin a sheinm inár dteannta!

### Gradam Shean-Nós Cois Life 2024 le bronnadh ar Bhláithín Mhic Cana

Is minic a deirtear go mbíonn amhránaithe ag tarraingt as tobar an dúchais agus is fíor sin. Ach tá meafar eile ann a bhfuil an tábhacht chéanna agus an fhírinne chéanna ag baint leis i gcomhthéacs na hamhránaíochta dúchasaigh. Is é an meafar atá i gceist ná an droichead.

Tá amhránaithe ar leith ann a thumann iad fhéin i ndúchas a gceantar fhéin agus a oibríonn chun an dúchas sin a bhreith leo ach ní hamháin sin déanann siad iarracht speisialta an saibhreas a bhaineann le dúchas a gceantar fhéin a chur ar aghaidh agus a scaipeadh i measc a bpobal fhéin. Le fírinne feidhmíonn amhránaithe mar seo mar dhroichead, iad ag breith leo síolta an traidisiúin ó thaobh amháin na habhann trasna go dtí an bruach eile.

Tháinig Bláithín Mhic Cana faoi thionchar Phádraigín Ní Uallacháin a raibh a cuid fhéin déanta aici roimhe sin ar son dúchas Oirialla ach tá Bláithín le tamall anois ag saothrú an traidisiúin agus á bhreith sin léi trasna an droichid agus á thabhairt ar aghaidh go dtí an chéad ghlúin eile ina pobal fhéin. Is de bharr an meas sin a bheith aici orthu siúd a bhí ann roimpi chomh maith le meas a bheith aici orthu siúd atá ag teacht ina diaidh a bhfuil Gradam Shean-Nós Cois Life á bhronnadh uirthi i mbliana.

#### Sean-Nós Cois Life

Is in 1992 a bunaíodh an fhéile Sean-Nós Cois Life rud a chiallaíonn go mbeidh an 33ú féile á ceiliúradh againn in 2024. Ón gcéad fhéile a bhí againn in 1992 tá muid ag cur amhránaíocht dhúchasach na Gaeilge chun cinn ar bhealach oscailte fáiltiúil.

Bronntar Gradam Shean-Nós Cois Life gach bliain ar dhuine nó ar dhaoine a meastar go bhfuil saibhriú faoi leith déanta acu ar amhránaíocht dhúchasach na Gaeilge thar na blianta.

Is féidir an scéal atá sa bpreasráiteas seo a scaipeadh láithreach.

Tuilleadh eolais: www.seannos.ie

@SeanNosCoisLife

sncl2009@gmail.com

Le tacaíocht ó





### **ENGLISH VERSION BELOW:**

# Gradam Shean-Nós Cois Life 8pm Saturday 13 April 2024

The Teachers' Club, 36 Parnell Sq West, Dublin 1, D01 T6V6



## Gradam Shean-Nós Cois Life 2024

We are delighted to announce that

Gradam Shean-Nós Cois Life 2024

will be presented live to the traditional singer

Bláithín Mhic Cana

from the reviving Gaeltacht of Oriel

during an open

Session of traditional song and music

on Saturday 13 April 2024

in The Teachers's Club, 36 Parnell Sq West, Dublin 1, D01 T6V6 starting at 8pm.

Everybody is welcome to join in this celebration where you will have a chance to sing or listen to a couple of traditional songs and listen to or play a few tunes!

### Gradam Shean-Nós Cois Life 2024 to be presented to Bláithín Mhic Cana

It is often said that the traditional singer draws constantly from the well of tradition, and this is true. But we could also use another metaphor which carries as much weight and truth in the context of traditional singing. And that is the metaphor of a bridge.

There are particular singers who immerse themselves in the cultural traditions of their own area and who devote themselves to embracing and taking on the wealth and richness offered by those traditions but who equally devote themselves to passing on and to spreading that richness among their own community. In truth these singers act as bridges carrying the seeds of tradition from one side of the river across to the other bank.

Bláithín Mhic Cana came under the influence of Pádraigín Ní Uallacháin who herself has ploughed her own furrows in the rich soil of the Oriel traditions, but Bláithín has for some time now been tending that soil herself and has been carrying the seeds of these traditions across the bridge to plant among younger generations of singers in her community who are now following on after her. It is because of this respect which she has for both the carriers of tradition who have gone before her and also for those younger generations following on after her that the Gradam Shean-Nós Cois Life award is being presented to her in 2024.

#### Sean-Nós Cois Life

The **Sean-Nós Cois Life** festival was first founded in 1992 so 2024 sees us celebrate our 33rd festival. From 1992 to the present moment the **Sean-Nós Cois Life** festival has been encouraging traditional singing in the Irish language in an open, friendly and welcoming atmosphere.

The Gradam Shean-Nós Cois Life award is presented each year in recognition of the special contribution made by its recipient to traditional singing in the Irish language.

The information in this press-release is not subject to embargo and may be released at any time.

For more information:

www.seannos.ie

@SeanNosCoisLife

sncl2009@gmail.com

With support from:



